Faigh amach tuilleadh faoin nGníomhaireacht agus faoin gcomhshaol ag

www.epa.ie
Cuireann ár suíomh idirlín eolas ar fáil ar obair na Gníomhaireachta agus ar chomhshaol na hÉireann.

I measc na seirbhísí ar líne tá:
- Mapaí fíor-ama caighdeán aeir - inar féidir leat fáil amach faoi chaighdeán aeir in Éirinn.
- Léarscáileanna idirghníomhacha a léiríonn cáilíocht do chomhshaoil áitiúil (ENVision).
- Eolas maidir le caighdeán uisce snámha.
- Seirbhís ar líne gearáin comhshaoil.
- Siopa foilseachán ar líne
- Pacáistí acmhainne oideachais i gcomhair bunscoileanna agus meánscoileanna.

Tuarascálacha comhshaoil
Íoslódáil tuarascálacha:
Cuireann an EPA réimse leathan treoir-cháipéisí, foilseacháin agus tuarascálacha taighde ar fáil ar staid chomhshaol na hÉireann. Is féidir téacs iomlán fhormhór na gcáipéisí seo a íoslódáil saor in aisce ónár suíomh idirlín **www.epa.ie**

Ag ordú fhoilseacháin na Gníomhaireachta:
Is féidir cóipeanna d'fhoilseacháin na Gníomhaireachta a ordú trínár siopa foilseacháin ar líne nó ó: Díolachán Foilseacháin, Cigireacht Réigiúnach EPA, Teach McCumiskey, Richview, Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14 nó cuir glaoch ar + 353 1 2680100. Tabhair d'ainm, do sheoladh agus teidil na bhfoilseachán a theastaíonn. Is féidir íoc i gcomhair foilseacháin i euro le seic/ordú poist. Glactar le cártaí creidmheasa freisin.

Truailliú Comhshaoil a Thuairisciú:
Téigh i dteagmháil leis an údarás áitiúil cuí má tá ceist nó gearán agat faoi a) cúrsaí ginearálta truaillithe comhshaoil nó b) áiseanna faoi smacht údarás áitiúil. Is féidir leat an Fhoirm Gearáin Comhshaoil atá ar fáil ar shuíomh idirlín d'údaráis áitiúil agus ag a n-oifigí a úsáid chun an t-eolas ar fad a theastaíonn chun do ghearán a mheas a chur i láthair. Má leanann an truailliú comhshaoil tar éis don údarás áitiúil é a scrúdú agus nach bhfuil sé réitithe chun sásaimh duit, téigh i dteagmháil leis an nGníomhaireacht a dhéanfaidh tuilleadh fiosruithe ar an scéal.

Má bhaineann do ghearán le háis a bhfuil ceadúnas faighte aige ón EPA (suímh mhór-thionscail nó líonadh talún den chuid is mó), téigh i dteagmháil leis an áis féin ar dtús chun a fheiceáil an féidir é a leigheas go furasta. Mura féidir, téigh i dteagmháil leis an nGníomhaireacht. Is féidir foirmeacha gearáin a íoslódáil ó shuíomh idirlín na Gníomhaireachta ag:

www.epa.ie/whatwedo/enforce/report/

nó iad a fháil sa phost nó ar facs ach iad a iarraidh.



Curtha i gcló ar pháipéar athchúrsáilte

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
– Sinne agus ár gcuid Oibre

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Poist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Contae Loch Garman, Éire.
Teil: +353 53 9160600 Facs: +353 53 9160699 Lóghlao: 1890 33 55 99 Ríomhphost: info@epa.ie Suíomh Idirlín: www.epa.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirseacht ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe. Fostaímid 340 duine a oibríonn i ndeich n-ionad ar fud na tíre.

Ár misean

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do ghlúine na todhchaí, agus prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe á gcur san áireamh.

Táimid freagrach as

Ceadúnú agus rialú mórghníomhaíochtaí dramhaíola agus tionsclaíocha chun a chinntiú nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol. Tugaimid ceadúnais i gcomhair:

- áiseanna dramhaíola (m.sh. líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht
- ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitril.

Maoirsiú comhshaoil náisiúnta

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht d'áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúil. Tá na húdaráis áitiúla freagrach as os cionn 500 feidhm cosanta comhshaoil éagsúil. Tá na feidhmeanna seo in os cionn 100 píosa reachtaíochta agus feidhmíonn siad thar sé earnáil - aer, fuaim, pleanáil, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Caighdeán an uisce ólacháin, a sholáthraíonn soláthraithe poiblí uisce, a mhaoirsiú.
- Ag obair le húdaráis áitiúla, leis na gardaí, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis na Boird lascaigh agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireacht chomhshaoil trí líonra náisiúnta forfheidhmiúcháin a chomhordú, dul sa tóir ar lucht sáraithe na rialachán, imscrúduithe a dhéanamh agus leasúchán a mhaoirsiú
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol de thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

Monatóireacht, anailís agus tuairisciú ar an gcomhshaol

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh (m.sh. tuairisciú ar staid chomhshaol na Éireann agus ar threochtaí i ngineadh, i mbainistíocht agus i mbonneagar dramhaíola).

Rialú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, lena mbaineann os cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

Taighde agus forbairt comhshaoil

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (m.sh. róshaibhriú aibhneacha agus lochanna, athrú aeráide, táirge níos glaine agus níos glaise).

Measúnú straitéiseach comhshaoil

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus clár ar chomhshaol na hÉireann (m.sh. pleananna bainistíochta dramhaíola, pleananna forbartha).

Pleanáil, oideachas agus treoir chomhshaoil

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh. iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (m.sh. cláir theilifíse comhshaoil; táirgeadh pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

Bainistíocht dramhaíola fhorghníomhach

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na dtreoracha maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

Struchtúr na Gníomhaireachta

Bunaíodh An Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, atá comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl i gceithre Oifig:

1. An Oifig um Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní
2. An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
3. An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
4. An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.